COMHAD FÍRICÍ:
GCSE
TEICNEOLAÍOCHT AGUS DEARADH
ROGHA C: DEARADH TÁIRGE

Rewarding Learning

2.43 Scála táirgthe agus inbhuanaitheacht thráchtála

Torthaí Foghlama

Ba chóir duit a bheith ábalta:

- na príomh-shaintréithe a bhaineann le dearbhú cáilíochta agus rialú cáilíochta a thuiscint agus a phlé.

Dearbhú cáilíochta

Ní hionann dearbhú cáilíochta agus rialú cáilíochta. Ní dhéanann dearbhú cáilíochta seiceáil ar an cháilíocht táirge deiridh ach ar cháilíocht na gcóras uile ar an líne tháirgthe, ar thraenáil foirne agus ar mhonatóireachta cáilíochta.

Is é is dearbhú cáilíochta ann go simplí ná leibhéal inmhianaithe cáilíochta i dtáirge, trí shraith seiceanna a dhéantar ag gach céim na táirgeachta. Is é atá i gceist le córas dearbhaithe cáilíochta ná a chinntiú go bhfuil táirgí saor ó lochtanna. Is é atá i gceist le córas dearbhaithe cáilíochta ná iniúchtaí rialta a dhéanann tástáil agus monatóireacht ar:

- an cháilíocht;
- cruinneas; agus
- má tá an táirge oiriúnach don fheidhm.

ó chéim an deartha go monarú.

Pointí rialúcháin criticiúla

Seiceálann rialú cáilíochta cáilíocht an táirge ag pointí éagsúla sa táirgeadh. Tarlaíonn na seiceanna seo ag pointí rialúcháin criticiúla (CCPs) sa phróiseas monaraithe. Is CCPanna tipiciúla sa phróiseas monaraithe iad seo a leanas.

Amhábhair

Déantar amhábhair a thástáil lena chinntiú go bhfuil na hairíonna agus na saintréithe oiriúnacha acu atá de dhíth ar an táirge. Déantar na hábhair a thastáil sa phróiseas roghnúcháin ar lorg airíonna amhail láidreacht agus marthanacht srl. Déanfar monatóireacht ar amhábhair le lochtanna agus neamhghlainí a aithint le linn an phróisis táirgthe agus ní ghlactar le rud ar bith mura bhfuil sé fóirsteanach.

Fréamhshamhail

Is balbhshamhail do tháirge é an fhréamhshamhail a úsáidtear leis an dearadh a thástáil:

- le hoibriúcháin na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar a aithint;
- le próiseas díolama a thástáil;
- le costais a mheas; agus
- le tástáil an bhfuil táirge oiriúnach don fheidhm san úsáid laethúil.

Táirgeadh

Le linn táirgthe, déantar seiceáil ar chomhpháirteanna an táirge lena chinntiú go gcomhlíontar lamháltas sonraithe i sonrúcháin an táirge.

Is cuid riachtanach de mhonarú nua-aimseartha é feadáin chóimhiotal a úsáid. Agus na feadáin seo a

mhonarú don tionscal aerárthaí tá sé riachtanach a bheith cruinn agus beacht. Caithfidh seiceanna dearbhaithe cáilíochta cinnte a dhéanamh de:

- an trealamh a úsáidtear leis an táirge a mhonarú;
- oiliúint na foirne;
- roghnúchán cháilíocht na n-ábhar; agus
- na próisis mhonaraithe uilig lena chinntiú go bhfuil siad ag an chaighdeán is airde.

Déanann an bainisteoir dearbhaithe cáilíochta measúnú ar leibhéal agus ar cháilíocht traenála na foirne. Cuirtear agallamh ar rogha mhaith den fhoireann agus fiafraítear díobh cén dóigh a gcinntíonn siad cáilíocht a gcuid oibre. Déantar scrúdú ar shamplaí den obair chríochnaithe i ndiaidh dóibh freastal ar chúrsaí traenála atá á soláthar ag an chomhlacht le cuidiú leo cáilíocht agus na gcúrsaí traenála agus an teagaisc a mheas.

Déanfaidh an bainisteoir dearbhaithe cáilíochta spotseiceálacha maidir le cáilíocht na n-ábhar a ordaíodh don líne táirgthe. Is suim leo an dóigh a ndéanann an rannóg seiceáil ar cháilíocht na n-ábhar a ordaítear, agus an dóigh a gcinntíonn siad nach ligtear ach na hábhair is fearr isteach sa mhonarcha agus ar an líne táirgthe.

Buntáistí córais dearbhaithe cáilíochta

Diomailt laghdaithe

Is féidir le córais dearbhaithe cáilíochta áiteanna a ndéantar diomailt a shainaithint. Nuair a íslíonn an comhlacht an líon táirgí lochtacha, cothaíonn sé diomailt laghdaithe agus dá thoradh sin, coigilteas. Laghdaítear costais mhonaraithe an chomhlachta nuair a aithnítear lochtanna go luath.

Éifeachtúlacht Ama

Tá an fhoireann dearbhaithe cáilíochta scartha ón ghrúpa táirgeachta, agus is féidir leo a bheith oibiachtúil agus iad ag aithint áiteanna a gcuirtear am amú iontu le linn táirgeachta.

Sásamh Custaiméirí méadaithe

Feabhsaíonn an córas dearbhaithe cáilíochta cáilíocht na dtáirgí agus méadaíonn sin sásamh na gcustaiméirí. Cothaíonn sásamh custaiméirí tuilleadh gnó, atreorú custaiméirí, díolachán méadaithe agus brabús.

Is féidir le córas dearbhaithe cáilíochta táirgí lochtacha a chosc agus luachálann sé an próiseas le táirgí a fheabhsú. Is féidir táirge a bhíonn iontaofa go comhsheasmhach a bheith ann mar gheall ar an dearbhú cáilíochta.

Is ionann táirge seasmhach iontaofa agus sásamh custaiméirí agus dílseacht bhranda.

Is iad na comhlachtaí a bhfuil cáilíocht iontaofa acu a mbíonn dea-chlú orthu i measc tomhaltóirí.

Misneach na bhFostaithe a Fheabhsú

Tá misneach na bhfostaithe níos airde i gcomhlacht a úsáideann córas dearbhaithe cáilíochta, de réir Institiúid na gCuntasóirí Náisiúnta. Bíonn fostaithe rannpháirteach i gcóras dearbhaithe cáilíochta, amhail Bainistíocht Lánchaílíochta. Is páirtithe leasmhara iad san eagraíocht agus ina rath. Is ionann misneach feabhsaithe na bhfostaithe agus níos lú neamhláithreachais agus ráta athraithe níos lú san fhoireann.

Rialú cáilíochta

Sa mhonarú, is é an rialú cáilíochta an próiseas a úsáidtear lena chinntiú go gcomhlíonann táirgí riachtanais cháilíochta an chomhlachta sula ndíolfar iad.

An rialú cáilíochta sa mhonarú, cuireann sé an-bhéim ar dhianscrúdú agus thastáil a dhéanamh ar cháilíocht na dtáirgí le lochtanna a aimsiú. Na comhlachtaí a úsáideann rialú cáilíochta, is gnách go mbíonn foireann d'oibrithe acu a fhócasaíonn ar thastáil a dhéanamh ar roinnt táirgí go randamach lena fháil amach an gcomhlíonann siad cáilíocht an chomhlachta. Is féidir leis a bheith an-chostasach mura n-úsáideann comhlachtaí córas rialaithe cáilíochta. Bhí an-chostas airgeadais ar Volkswagen agus Firestone nuair a bhí orthu aisghair táirgí a dhéanamh ach ba mhó ar fad an damáiste dá gclú.

Comhlachtaí a chuireann córais rialaithe cáilíochta i bhfeidhm, is lú an seans go mbeidh orthu táirgí a aisghairm. Is féidir costas ollmhór a bheith ag baint le haisghairm. I SAM in 2009, bhí ar Toyota 12.4 milliún carr a aisghairm de dheasca troitheáin luasaire lochtacha iontu agus mataí urláir a dtiocfadh leo dul i bhfostú sa luasaire. Bhí £1.5 billiún ar an aisghairm.

D'fhéadfaí aisghairm a sheachaint dá mbeadh rialú cáilíochta curtha i bhfeidhm mar is cuí.

Rialú cáilíochta a chur i bhfeidhm

Le clár rialaithe cáilíochta éifeachtach a chur i bhfeidhm, caithfidh an comhlacht cinneadh a dhéanamh ar dtús ar:

- an caighdeán cáilíochta a chaithfidh an táirge a chomhlíonadh;
- céatadán gach baisce de tháirgí a thastáil;
- an tástáil déanta ag fostaithe ceaptha; agus
- ag tuairisciú torthaí don bhainistíocht.

Beidh na modhanna a úsáidtear le cáilíocht táirgí a thástáil an-difriúil ag brath ar an chineál táirge a mhonaraíonn an comhlacht.

Gníomh leasúcháin

Má aimsítear táirgí lochtacha, ní mór don bhainistíocht cinneadh a dhéanamh:

- na táirgí a dheisiú nó a dhiúltú;
- an táirgeacht a stopadh go dtí go bhfuil an fhadhb ceartaithe; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar an phróiseas dearbhaithe cáilíochta lena fheiceáil cén fáth nár coisceadh an fhadhb.

Caithfidh an bhainistíocht a chinntiú go n-aithneoidh an dearbhú cáilíochta agus an rialú cáilíochta sna próisis mhonaraithe gach locht agus go mbaintear amach iad agus go mbraitheann sé aon locht nua sa táirge nuair a nochtann siad.

Na buntáistí le rialú cáilíochta a úsáid sa mhonarú

Is é an custaiméir is mó atá thuas le rialú cáilíochta, mar is é an custaiméir a fhaigheann táirge d'ardcháilíocht. Téann seo chun tairbhe don chomhlacht fosta, mar go gcinntíonn sé go bhfuil an custaiméir sásta, agus ciallaíonn sin go mbeidh custaiméirí ag teacht ar ais, go mbeidh siad dílis don chomhlacht, agus go bhfuil dea-chlú ar cháilíocht an chomhlachta agus a tháirge. Mar sin de, is fiú go mór é don chomhlacht an rialú cáilíochta sa mhonarú, ó thaobh clú agus ioncaim de.

Achoimre

Is í an aidhm le dearbhú cáilíochta ná an próiseas táirgeachta a shruthliniú lena chinntiú go gcomhlíonann na táirgí críochnaithe critéir cáilíochta an chomhlachta. Is é an difear idir rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta ná go luachálann rialú cáilíochta an táirge críochnaithe agus cinntíonn an dearbhú cáilíochta go ndéanfaidh an próiseas monaraithe táirgí de cháilíocht ard a tháirgeadh. Is féidir dearbhú cáilíochta a chomhcheangal le rialú cáilíochta leis na fadhbanna a bhaineann le gan ach rialú cáilíochta amháin a úsáid sa mhonarú a sheachaint.



Foinse: http://www.free-management-ebooks.com/images/pmdl0504.jpg

Ceisteanna Athbhreithnithe

1. Cad é an rud é Dearbhú Cáilíochta?

2. Cad é an rud é Rialú Cáilíochta?

3. Cad é an difear idir Dearbhú Cáilíochta agus Rialú Cáilíochta?

4. Cad iad buntáistí an Rialaithe Cáilíochta don mhonaróir?

Foinsí breise eolais

http://www.bbc.co.uk/schools/gcsebitesize

https://www.parksmoving.com/about-us/quality-assurance

http://www.technologystudent.com

https://www.graphicproducts.com

© CCEA 2019